

# Treoir maidir le Ráiteas um Chosaint Leanaí a Fhorbairt

.....

Children  
First

TÚSLA

An Ghníomhaireacht um  
Leanaí agus an Teaghlach  
Child and Family Agency





# Clár Ábhar

Príomhthéarmaí	1
1. Réamhrá	2
2. An méid ba cheart a bheith i do Ráiteas um Chosaint Leanaí	3
3. Neamhchomhlíonadh	4
4. Do Ráiteas um Chumhdach Leanaí a scríobh	5
Aguisín 1: Ráiteas Samplach Teimpléid um Chosaint Leanaí	9
Ráiteas Samplach Teimpléid um Chosaint Leanaí - Nótaí Treorachs	11
Aguisín 2: Sceideal na Seirbhísí Ábhartha faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015	12
Aguisín 3: Sceideal na nDaoine faoi Shainordú faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015	14

# Príomhthéarmaí

Ciallaíonn **Ráiteas um Chosaint Leanaí**, faoi mar a shainmhínítear san Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, ‘ráiteas scríofa ina sonraítear an tseirbhís atá á soláthar agus na prionsabail agus nósanna imeachta a bhfuil aird le tabhairt orthu lena chinntiú a mhéid agus is indéanta, go bhfuil leanbh sábháilte ó dhíobháil fad a gcuirtear an tseirbhís ar fáil dó/dí’.

Ciallaíonn **Díobháil**, faoi mar a shainmhínítear san Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, ‘maidir le a leanbh—

- (a) Ionsaí, drochíde nó faillí a dhéanamh ar an leanbh ar bhealach a dhéanann difear nó ar dóchúil go ndéanfaidh sé difear tromchúiseach do shláinte, forbairt nó leas an linbh, nó
- (b) drochúsáid ghnéasach an linbh, cé acu mas gníomh aonair, easnamh nó cúinse nó sraith nó meascán de ghníomhartha, easnamh nó cúinsí, nó rudaí eile is cúis leis’.

Tá oibleagáid reachtúil ar **dhuine faoi shainordú**, faoi mar a shainítear san Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, chun buarthaí a thabhairt le fios do Tusla a bhaineann tairseach áirithe amach agus chun comhoibriú le Tusla nuair a dhéantar measúnú ar thuairiscí faoi shainordú.

Ciallaíonn **Soláthraí**, faoi mar a shainmhínítear san Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, ‘duine—

- (a) a sholáthraíonn seirbhís ábhartha, agus
- (b) maidir le soláthar na seirbhíse ábhartha siúd—
  - (i) a fhostaíonn (cé acu faoi chonradh fostaíochta nó faoi chonradh eile) duine amháin nó níos mó ná duine amháin chun tabhairt faoi aon obair nó gníomhaíocht arb ionann í agus seirbhís ábhartha,
  - (ii) a iontrálann isteach i gconradh le haghaidh seirbhísí le duine amháin nó níos mó ná duine amháin ar mhaithe le seirbhís ábhartha a sholáthar ag an duine, nó
  - (iii) a cheadaíonn duine amháin eile nó níos mó ná duine amháin eile (cé acu le haghaidh breithniú tráchtála nó breithniú eile agus cé acu mar chuid de chúrsa oideachais nó oiliúna nó a mhalairt, scéim intéirneachta san áireamh) chun tabhairt faoi aon obair nó gníomhaíocht, thar ceann an duine, arb ionann é/í agus seirbhís ábhartha’.

Ciallaíonn **seirbhís ábhartha**, faoi mar a shainmhínítear san Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, ‘aon obair nó gníomhaíocht a shonraítear i Sceideal 1 [den Acht sin]’.

Sainmhínítear **duine ábhartha** san Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 mar dhuine a cheaptar trí sholáthraí seirbhíse ábhartha le bheith mar an gcéad phointe teagmhála maidir le Ráiteas um Chosaint Leanaí an tsoláthraí.

Ciallaíonn **measúnú riosca**, faoi mar a úsáidtear san Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, ‘measúnú ar aon bhaol go ndéanfar díobháil do leanbh fad a gcuirtear an tseirbhís ar fáil dó/dí’.

# 1. Réamhrá

## Cad é Ráiteas um Chosaint Leanaí?

Ceanglaítear san Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 ar eagraíochtaí ar soláthraithe ‘seirbhísí ábhartha’<sup>1</sup> iad. Ráiteas um Chumhdach Linbh a ullmhú. Ráiteas scríofa é seo ina sonraítear an tseirbhís atá á soláthar agus na príonsabail agus na nósanna imeachta a bhfuil aird le tabhairt orthu lena chinntiú, a mhéid agus is indéanta, go bhfuil leanbh a gcuirtear an tseirbhís ar fáil dó/di sábháilte ó dhíobháil<sup>2</sup>. Áirítear leis, chomh maith, measúnú a dhéanamh ar an mbaol go ndéanfar ‘díobháil’ do leanbh fad a gcuirtear do sheirbhís ar fáil dó/di agus sonraítear ann na nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun bainistiú a dhéanamh ar aon rioscaí. Ba cheart go gcinnteodh do sheirbhís go dtugann do Ráiteas um Chosaint Leanaí an aird chuí ar *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta* agus aon treoirlínte um chosaint leanaí eile a d’eisigh an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige, nó aon treoirlínte a d’eisigh Tusla maidir le Ráitis um Chosaint Leanaí faoi alt 11(4) den Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015.

## An Ráiteas um Chosaint Leanaí a chur ar fáil

Ar a chríochnú, caithfidh tú an Ráiteas um Chosaint Leanaí a scaipeadh ar na comhaltaí foirne go léir. Chomh maith leis sin, caithfidh d’eagraíocht an Ráiteas um Chosaint Leanaí a thaispeáint go poiblí agus é a chur ar fáil do thuismitheoirí agus caomhnóirí, Tusla agus do mhuintir an phobail ar iarraidh sin.

## Cé ar gá dóibh Ráiteas um Chosaint Leanaí a bheith acu? ?

Ceanglaítear ar eagraíochtaí a rangáitear iad mar sholáthraithe seirbhísí ábhartha faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 Ráitis um Chosaint Leanaí a bheith acu. Ciallaíonn seo gur gá duit Ráiteas um Chosaint Leanaí a bheith agat sna cásanna seo a leanas:

- ⇒ Tá d’eagraíocht laistigh de chatagóirí na n-eagraíochtaí a rangáitear mar sheirbhísí ábhartha faoin Acht. (Lena dheimhniú más seirbhís ábhartha d’eagraíocht, féach Sceideal 1, an tAcht um Thús Áite do Leanaí, 2015 agus/nó Aguisín 2 den Treoir seo.) agus
- ⇒ Meastar gur soláthraí seirbhíse ábhartha thú. Chun cáiliú mar sholáthraí seirbhíse ábhartha faoin Acht, caithfidh an soláthraí seirbhíse duine amháin eile, ar a laghad, a fhostú, cé acu trí chonradh, socrú deonach nó comhaontú frithpháirteach, chun tabhairt faoi aon obair nó gníomhaíocht thar a gceann chun an tseirbhís sin a sholáthar.

<sup>1</sup> Soláthraítear i Sceideal 1 den Acht liosta de ‘obair nó gníomhaíochtaí’ arb ionann iad agus ‘seirbhísí ábhartha’ (féach chomh maith Aguisín 2 den Treoir seo).

<sup>2</sup> Úsáidtear ‘díobháil’ faoi mar a shainmhínítear é san Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015.



Go héifeachtach, ciallaíonn seo go bhfuil saghsanna áirithe de ghníomhaíochtaí agus seirbhísí a sholáthraíonn daoine a oibríonn leo féin agus nach bhfostaíonn duine eile (e.g. teagascóirí a sholáthraíonn teagasc aghaidh ar aghaidh nó feighlithe leanaí) díolmhaithe ón gcuid den Acht a bhaineann le Ráiteas um Chosaint Leanaí a fhorbairt.

### Amfhrámaí

Caithfidh soláthraí ‘seirbhísí ábhartha’ na ceanglais a chomhlíonadh maidir le measúnú riosca agus a Ráiteas um Chosaint Leanaí a scríobh laistigh de thrí mhí i ndiaidh go gcuirtear an tAcht um Thús Áite do Leanaí, 2015 i bhfeidhm. Caithfidh soláthraithe ‘seirbhísí ábhartha’ a bunaíodh i ndiaidh go dtagann an tAcht um Thús Áite do Leanaí i bhfeidhm na ceanglais seo a chomhlíonadh laistigh de thrí mhí ón dáta a gcuirtear tús leis an tseirbhís.

Caithfear athbhreithniú a dhéanamh ar an Ráiteas um Chumhdach Leanaí gach dhá bhliain, nó níos luaithe má tháinig athrú ábhartha ar aon cheann de na saincheisteanna seo dá dtagraíonn sé.

## 2. An méid ba cheart a bheith i do Ráiteas um Chosaint Leanaí

Luaitear san Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 go gcaithfidh faisnéis áirithe a bheith i do Ráiteas um Chosaint Leanaí.

### Measúnú Riosca

Caithfear a áireamh le do Ráiteas um Chosaint Leanaí measúnú scríofa ar ‘díobháil a dhéanamh do leanbh fad a gcuirtear do sheirbhís ar fáil dó/di. Tá roinnt modhanna ann is féidir a úsáid chun measúnú riosca a chur i gcrích; ní cheanglaítear ort san Acht chun aon samhail ar leith a úsáid. Soláthraítear in *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta* breis faisnéise faoin measúnú riosca i do Ráiteas um Chosaint a chomhlánú.

### Ainm do sheirbhíse agus na gníomhaíochtaí a sholáthraíonn tú

Ba cheart go n-ainmneofaí i do Ráiteas um Chosaint Leanaí d’eagraíocht agus ba cheart go dtabharfaí cuntas ann ar na gníomhaíochtaí agus seirbhísí a sholáthraíonn tú do leanaí agus daoine óga. Más eagraíocht mhór nó choimpléascach thú, beidh ort machnamh a dhéanamh ar Ráiteas um Chosaint Leanaí uileghabhálach a fhorbairt (féach thíos chun teacht ar bhreis faisnéise faoi eagraíochtaí móra nó coimpléascacha).

## Na prionsabail agus na nósanna imeachta a dtabharfaidh tú aird orthu chun leanaí a choimeád sábháilte

Ceanglaítear ort na prionsabail agus na nósanna imeachta a shonrú a bhfuil aird le tabhairt orthu lena chinntiú a mhéid agus is indéanta, go bhfuil leanbh sábháilte ó dhíobháil fad a gcuirtear do sheirbhís ar fáil dó/di.

Liostaítear san Acht roinnt nósanna imeachta nach mór a shonrú i do Ráiteas um Chosaint Leanaí. Caithfidh tú na nósanna imeachta a shonrú atá i bhfeidhm:

- (a) Aon riosca a shainaithnítear a bhainistiú.
- (b) Maidir le haon chomhalta foirne atá mar ábhar aon imscrúdaithe (is cuma conas a ndéantar cur síos air) maidir le haon ghníomh, easnamh nó cúinse i dtaca le leanbh a gcuirtear an tseirbhís ábhartha ar fáil dó/di
- (c) Chun aon duine a roghnú nó a earcú mar chomhalta foirne an tsoláthraí i dtaobh oiriúnacht an duine sin chun oibriú le leanaí.
- (d) Chun faisnéis a sholáthar agus, nuair is gá, teagasc agus oiliúint a sholáthar, do chomhaltaí foirne an tsoláthraí i dtaca le díobháil a rinneadh a shainaithint.
- (e) Go ndéanfaidh an soláthraí nó comhalta foirne an tsoláthraí (más nó mura duine faoi shainordú é/í) tuairisciú don Ghníomhaireacht i geomhréir leis an Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 nó leis na treoirlínte a d'eisigh an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige faoi alt 6.
- (f) Liosta na ndaoine a choimeád (más ann dóibh) sa tseirbhís ábhartha ar daoine faoi shainordú iad. (Féach Aguisín 3 chun teacht ar liosta de na catagóirí daoine faoi shainordú faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015.)
- (g) Chun duine ábhartha a cheapadh.

## 3. Neamhchomhlíonadh

Tá foráil san Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 go mbunaíonn agus go gcoimeádann Tusla clár neamhchomhlíonta do sholáthraithe seirbhíse a dteipeann orthu cóip dá Ráiteas um Chumhdach Leanaí a sholáthar do Tusla nuair a iarrtar orthu amhlaidh a dhéanamh.

## 4. Do Ráiteas um Chumhdach Leanaí a scríobh

Cabhróidh an mhír seo leat chun smaoineamh faoi na rudaí atá i bhfeidhm ag d'eagraíocht faoi láthair maidir le leanaí a chosaint agus an méid is gá duit a dhéanamh chun do Ráiteas um Chosaint Leanaí a chur i gcrích. Cabhróidh na trí chéim a shonraítear sa mhír seo leat a dhéanamh amach cad atá i bhfeidhm agat cheana féin. Cabhróidh siad leat, chomh maith, a shainaithint an méid is gá duit a chur i bhfeidhm agus cabhróidh siad leat eolas a chur ar fáil do do mheasúnú riosca.

### Cad atá i gceist le cosaint?

Is ionann cosaint agus an gníomh a dhéantar chun leas leanaí a chur chun cinn agus chun iad a chosaint ó dhíobháil. Cé gur cuid amháin de chosaint é leanaí a chosaint ó mhí-úsáid, is gá leanaí agus daoine óga a chosaint chun gur féidir leo fás, forbairt agus chun go mbainfear a lánchumas amach.<sup>3</sup>

### Céim 1: Tosú

Is é an chéad chéim chun Ráiteas um Chosaint Leanaí a scríobh chun machnamh a dhéanamh ar cad atá i gceist le do sheirbhís, an méid atá i bhfeidhm agat cheana féin agus an méid a bheidh ort a chur i gcrích chun do Ráiteas um Chosaint Leanaí a chríochnú. Ba cheart go gcabhródh na ceisteanna seo a leanas leat chun smaoineamh faoi na rudaí seo.

- 1. An rangáítear thú mar sholáthraí seirbhíse ábhartha thú?** Ní cheanglaítear ach ar sholáthraithe seirbhísí ábhartha chun Ráitis um Chosaint Leanaí a scríobh, faoi mar a shonraítear san Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015.
- 2. Cén beartais agus nósanna imeachta ábhartha atá i bhfeidhm agat cheana féin?** Tabhair faoi sheiceáil thapa ar bheartais reatha in aghaidh an liosta ón Acht (féach an leathanach roimhe seo) d'fhonn nach dtugann tú faoi obair atá déanta cheana féin.
- 3. Cén acmhainní a theastóidh uait chun do Ráiteas um Chosaint Leanaí a chur i gcrích laistigh den amfhráma reachtúil trí mhí?** Is tábhachtach dóthain ama a chur i leataobh chun do Ráiteas um Chosaint Leanaí a scríobh. Beidh ort am a chur i leataobh chun nósanna imeachta a fhorbairt nó a athbhreithniú a luann tú i do Ráiteas um Chosaint Leanaí.

<sup>3</sup> Tá seo ar cheann de na torthaí do leanaí faoi *Thorthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile: Creatlach an pholasáí naisiúnta do leanaí agus daoine óga, 2014–2020*.



## Céim 2: Athbhreithniú a dhéanamh ar struchtúr d'eagraíochta agus na gníomhaíochtaí a chuirtear ar tairiscint

Is éard a bhaineann leis an gcéim seo smaoineamh faoi na seirbhísí a sholáthraíonn tú agus cineál agus struchtúr d'eagraíochta. Tosaigh le roinnt sonraí tábhachtacha a bhailiú faoi d'eagraíocht a chabhróidh leat do Ráiteas um Chosaint Leanaí a chur i gcrích. Úsáid na teidil thíos.

### Faisnéis faoi d'eagraíocht:

- ⇒ Ainm
- ⇒ Láthair (láthair amháin nó roinnt láithreacha)
- ⇒ An líon foirne; líonta i ngach láthair má bhíonn breis agus láthair amháin ann

### Faisnéis faoi na seirbhísí a sholáthraítear:

- ⇒ Liostaigh na gníomhaíochtaí go léir a sholáthraíonn tú
- ⇒ An soláthraíonn tú seirbhísí i láthair aonair, a mhacasamhail de sheirbhísí i láithreacha éagsúla, seirbhísí éagsúla i láthair aonair, seirbhísí éagsúla i láithreacha éagsúla nó rud éigin eile? Déan iarracht cur síos a dhéanamh ar struchtúr d'eagraíochta anseo.
- ⇒ Cén leibhéal teagmhála le leanaí agus teaghlaigh sa tseirbhís/sna seirbhísí a sholáthraíonn tú?
- ⇒ An mbeidh rochtain ag leanaí ar an idirlíon agus/nó an mbeidh said ábalta fóin chliste a úsáid? Smoainigh ar pháirt a thabhairt do thuismitheoirí agus caomhnóirí chun rialú ina leith sin a bhainistiú.
- ⇒ An gcistíonn tú eagraíochtaí eile chun seirbhísí a sholáthar do leanaí?

### Faisnéis faoi d'úsáideoirí seirbhíse:

- ⇒ Cén aoisghrúpa a n-oibríonn tú leis?
- ⇒ Cad é leibhéal cumais d'úsáideoirí seirbhíse?
- ⇒ An bhfuil aon riachtanais chúraim aonair ann?
- ⇒ Cad é dinimic do chliantghrúpa?
- ⇒ An bhfuil tosca sonracha ann a dhéanann cúrsaí casta duit a d'fhéadfadh d'úsáideoirí seirbhíse a dhéanamh an-leochaileach do dhíobháil?
- ⇒ An bhfuil dúshlán ar leith ann i dtaobh na leanaí seo a chosaint ó dhíobháil?

Tá léargas tugtha anois agat ar d'eagraíocht. Cabhróidh an fhaisnéis seo leat chun cinneadh a dhéanamh faoi cé acu an mb'fhearr do d'eagraíocht Ráiteas um Chosaint Leanaí uileghabhálach amháin a bheith aici nó roinnt Ráiteas um Chosaint Leanaí do bhrainsí nó láithreacha seirbhíse éagsúla.

## Céim 3: Athbhreithniú a dhéanamh ar chosaint laistigh de d'eagraíocht

I gCéim 1, shainaithin tú beartas agus nósanna imeachta atá i bhfeidhm cheana féin chun leanaí a chosaint ó dhíobháil. I gCéim 3, tá ort machnamh a dhéanamh ar an méid seo a leanas:

- ⇒ Cad atá i bhfeidhm faoi láthair ag d'eagraíocht, go foirmiúil nó go neamhfoirmiúil, chun leanaí a chosaint ó dhíobháil.
- ⇒ Cad is gá do d'eagraíocht a fhorbairt chun leanaí a chosaint ó dhíobháil.

Beidh an chéim seo fite fuaite le do mheasúnú riosca. Liostaítear i do Ráiteas um Chosaint Leanaí na nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun leanaí a choimeád sábháilte ó dhíobháil (caithfidh tú na nósanna imeachta a liostaítear san Acht, faoi mar a shonraítear thuas, a chur san áireamh). Bítear ag súil leis, i dtaobh an dlí de, go mbaineann eagraíochtaí amach riachtanais bheartais agus nós imeachta faoin 2015. Féach *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta agus Cosaint Leanaí: Treoir maidir le Beartas, Nós imeachta agus Cleachtas* le Tusla chun teacht ar bhreis faisnéise faoi bheartas agus nósanna imeachta a chur i dtoll a chéile chun leanaí a chosaint.

Cuirtear Ráiteas samplach teimpléid um Chosaint Leanaí ar fáil in Aguisín 1 den cháipéis seo. Ba cheart go gcabhródh an fhaisnéis a bhailigh tú i gCéimeanna 1 go dtí 3 leat chun tabhairt faoi do mheasúnú riosca agus chun an teimpléad samplach a chomhlánú chun do Ráiteas um Chosaint Leanaí a chur i gcrích.

### Eagraíochtaí móra nó coimpléascacha

LBeidh ar eagraíochtaí móra nó coimpléascacha machnamh a dhéanamh ar cé acu an féidir nó nach féidir le Ráiteas um Chosaint Leanaí amháin an réimse gníomhaíochtaí a chuimsiú a sholáthraítear. B'fhéidir go gcruthódh sé cur chuige a bhféadfaí bainistíocht níos fusa a dhéanamh air i gcás roinnt eagraíochtaí má chomhlánaíonn aonaid aonair seirbhíse Ráitis um Chosaint Leanaí ar leith; is faoi gach eagraíocht atá sé chun cinneadh a dhéanamh faoin méid a n-éireoidh a ghile leis.

Má dhéanann tú cinneadh go gcomhlánóidh aonaid aonair seirbhíse Ráitis um Chosaint Leanaí, b'fhéidir go mbeidh limistéir bheartais chorparáidigh ann go fóill ar cheart do gach aonad seirbhíse a chur san áireamh. D'fhéadfaí a áireamh le samplaí de seo nósanna imeachta earcaíochta agus roghnaithe, cóid iompair foirne nó saincheistanna a bhaineann go sonrach le grúpa gairmithe a oibríonn i láithreacha éagsúla seirbhíse.

Beidh ar eagraíochtaí móra nó coimpléascacha breithniú a dhéanamh ar na socruithe rialachais a chuireann siad i bhfeidhm chun comhlíonadh corparáideach an Achta um Thús Áite do Leanaí, 2015 a chinntiú. Ba cheart go mbeadh córais bhainistíochta riosca reatha, sa chás gur féidir, a bheith nasctha le gné mheasúnaithe riosca do Ráitis um Chosaint chun comhsheasmhacht ar fud na heagraíochta a chinntiú. Má roghnaíonn tú glacadh le Ráiteas um Chosaint Leanaí aonair nó uileghabhálach, ba cheart go sonraítear ann limistéir bheartais agus nós imeachta, struchtúir rialachais agus straitéisí bainistíochta riosca coiteanna ann. Is féidir, chomh maith leis sin, Ráiteas um Chosaint Leanaí uileghabhálach agus Fo-Ráiteas um Chosaint Leanaí araon a roghnú d'aonaid aonair seirbhíse. Ag brath ar an tsamhail a roghnaíonn tú a úsáid, beidh ort machnamh cuí a dhéanamh ar an Ráiteas um Chosaint Leanaí a thaispeáint in áit fheiceálach pé áit a n-oibrítear do sheirbhís.

Bí cinnte go dtuigeann tú go soiléir cé atá freagrach. Ba cheart duit athbhreithniú a dhéanamh ar 'cad atá á dhéanamh ag cén duine' lena chinntiú go bhfuil do Ráiteas/Ráitis um Chosaint Leanaí á fhorbairt ag na daoine cearta agus go bhfuil an obair á comhordú agus á tabhairt chun críche.

Beidh ar eagraíochtaí a chistíonn nó a thugann deontais d'eagraíochtaí eile ar soláthraithe seirbhísí ábhartha iad, a chinntiú go bhfuil a n-oibleagáidí á gcomhlíonadh ag na heagraíochtaí seo faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015. Ba cheart d'eagraíochtaí cistithe riachtanais um dhearbhu cáilíochta a fhorbairt ar féidir iad a úsáid chun comhlíonadh eagraíochtaí a chistítear nó a dtugtar cúnamh deontais dóibh a thomhas agus a fhianú. Ba cheart go n-áireofaí le comhaontuithe leibhéal na seirbhíse agus comhaontuithe deontais critéir chomhlíonta Tús Áite do Leanaí mar chuid de na coinníollacha cistithe.

# Aguisín 1: Ráiteas Samplach Teimpléid um Chosaint Leanaí

## Ráiteas um Chosaint Leanaí

1. Ainm na seirbhíse atá á soláthar: \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

2. Cineál na seirbhíse agus na bprionsabal chun leanaí a chosaint ó dhíobháil (cuntas gearr ar an méid atá i gceist lenár seirbhís, an méid a dhéanaimid agus ár dtiomantas chun leanaí a chosaint):

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

### 3. Measúnú riosca

Thugamar faoi mheasúnú ar aon fhéidearthacht go ndéanfar díobháil do leanbh fad a chuirtear ár seirbhísí ar fáil dóibh, limistéar na sábháilteachta ar líne san áireamh nuair a fhaightear rochtain ar an idirlíon. Seo thíos liosta de na réimsí riosca a aithníodh agus liosta de na nósanna imeachta chun na rioscaí sin a bhainistiú.

	An riosca a sainithníodh	An nós imeachta atá i bhfeidhm chun riosca a sainithníodh a bhainistiú
1		
2		
3		
4		
5		

#### 4. Níosanna imeachta

Forbraíodh ár Ráiteas um Chosaint Leanaí ar aon dul leis na ceanglais faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta*, agus *Cosaint Leanaí: Treoir maidir le Beartas, Níos imeachta agus Cleachtas* le Tusla. Anuas ar na nósanna imeachta a liostaítear inár measúnú riosca, tacaíonn na nósanna imeachta seo a leanas lenár gcuspóir chun leanaí a chosaint fad a gcuirtear ár seirbhís ar fáil dóibh:

- ⇒ An nós imeachta chun bainistíocht a dhéanamh ar líomhaintí mí-úsáide nó mí-iompair in aghaidh oibríthe/oibríthe deonacha linbh a gcuirtear ár seirbhís ar fáil dóibh
- ⇒ An nós imeachta chun oibríthe agus oibríthe deonacha a earcú agus a roghnú chun oibriú le leanaí
- ⇒ An nós imeachta chun oiliúint agus faisnéis ar chosaint leanaí a sholáthar agus a dhéanamh inrochtana, a shainaithint nuair a dhéantar díobháil do leanaí san áireamh
- ⇒ An nós imeachta chun buarthaí faoi chosaint nó leas leanaí a thabhairt le fios do Tusla
- ⇒ An nós imeachta chun liosta a choimeád de na daoine (más ann dóibh) sa tseirbhís ábhartha ar daoine faoi shainordú iad
- ⇒ An nós imeachta chun duine ábhartha a cheapadh.

Tá gach nós imeachta a liostaítear ar fáil ar iarraidh sin.

#### 5. Cur i bhfeidhm

Aithnímid gur próiseas leanúnach é cur i bhfeidhm. Tá ár seirbhís tiomanta don Ráiteas um Chosaint Leanaí seo agus na nósanna imeachta a thacaíonn lenár gcuspóir a chur i bhfeidhm chun leanaí a choimeád sábháilte ó dhíobháil fad a gcuirtear ár seirbhís ar fáil dóibh.

Déanfar athbhreithniú ar an Ráiteas um Chosaint Leanaí seo an \_\_\_\_\_, nó a luaithe is indéanta i ndiaidh go dtagann athrú ábhartha ar aon cheist dá dtagraíonn an ráiteas.

Sínithe: \_\_\_\_\_

(Soláthraí)

[Ainm agus sonraí teagmhála an tSoláthraí] \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

Má bhíonn ceisteanna agat, déan teagmháil, le do thoil, le \_\_\_\_\_  
An Duine Ábhartha faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015.

## Ráiteas Samplach Teimpléid um Chosaint Leanaí

**Mír 2: Cineál na seirbhíse agus na bprionsabal chun leanaí a chosaint ó dhíobháil:** Déan cur síos ar chineál do sheirbhísí agus sonraigh na prionsabail a gcloífidh tú leo chun leanaí a choimeád sábháilte ó dhíobháil fad a gcuirtear do sheirbhís ar fáil dóibh.

**Mír 3: Measúnú Riosca:** Soláthraítear in *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí* (2017) treoir bhreise faoi thabhairt faoi ghné an mheasúnaithe riosca de do Ráiteas um Chosaint Leanaí.

**Mír 4: Nósanna Imeachta:** Mar gheall nach ach liosta samplach é seo, beidh ort cur leis an liosta seo faoi mar is cuí, bunaithe ar thoradh do mheasúnaithe riosca. Féach, chomh maith, le do thoil, *Cosaint Leanaí: Treoir maidir le Beartas, Nós imeachta agus Cleachtas* le Tusla.

**Mír 5: Cur i bhFeidhm:** Caithfear tabhairt faoi athbhreithnithe ar a laghad gach 24 mí. Is é an soláthraí an duine aonair ar a bhfuil freagracht fhoriomlán as an eagraíocht. D'fhéadfadh an príomhoifigeach feidhmiúcháin, cathaoirleach bord bainistíochta, úinéir/oibreoir, etc. a bheith i gceist leis an té seo.

**Duine Ábhartha:** Ba cheart duit ainm agus sonraí teagmhála na nDaoine Ábhartha a chur san áireamh, arb iad an chéad phointe teagmhála maidir le do Ráiteas um Chosaint Leanaí.

## Aguisín 2: Sceideal na Seirbhísí Ábhartha faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015

Sonraítear i Sceideal na Seirbhísí Ábhartha faoi Sceideal 1 den Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 na seirbhísí ábhartha chun críocha an Achta:

1. Aon obair nó gníomhaíocht faoina dtugann duine, ina bhfuil rochtain ag an duine ar, nó teagmháil ag an duine le, leanaí mar chuid riachtanach agus rialta de, atá in—
  - (a) bunaíocht a sholáthraíonn seirbhísí luathbhlianta laistigh de bhrí Chuid VIII A den Acht um Chúram Leanaí, 1991,
  - (b) a scoil nó ionad oideachais, a bhfuil an dá cheann díobh araon laistigh de bhrí an Achta Oideachais, 1998,
  - (c) aon ospidéal, ospís, ionad cúraim sláinte nó ionad eile a ghlacann le leanaí, nó a chuireann cóir leighis ar leanaí nó a sholáthraíonn seirbhísí sláinte fisiciúla nó meabhairshláinte ar bhealach eile do leanaí,
  - (d) ionad sainithe laistigh de bhrí alt 2 den Acht Sláinte, 2007, sa mhéid go mbaineann sé le hinstitiúid ina soláthraítear seirbhísí cónaithe i gcomhréir leis an Acht um Chúram Leanaí, 1991 nó do leanaí faoi mhíchumas maidir lena míchumas,
  - (e) aonad cúraim speisialta a sholáthraítear agus a choimeádtar i gcomhréir le halt 23(k) den Acht um Chúram Leanaí, 1991,
  - (f) scoil choinneála leanaí laistigh de bhrí alt 3 d’Acht na Leanaí, 2001,
  - (g) ionad fáiltithe nó cóiríochta a sholáthraíonn seirbhísí cóiríochta cónaithe d’iarratasóirí ar thearmann faoi chonradh don Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais sa chás gur féidir cóiríocht a sholáthar do leanaí, nó
  - (h) ionad a sholáthraíonn seirbhísí cóiríochta cónaithe d’íospartaigh foréigean baile ar féidir leis cóiríocht a sholáthar do leanaí.
2. Aon obair nó gníomhaíocht ina ndéantar cigireacht ar sheirbhís a soláthraíodh do leanbh faoin Acht um Chúram Leanaí, 1991, an tAcht Oideachais, 1998, Acht na Leanaí, 2001 nó an tAcht Sláinte, 2007.
3. Aon obair nó gníomhaíocht ina ndéanann Oifig an Ombudsman do Leanaí cigireacht, scrúdú nó imscrúdú faoi Acht an Ombudsman do Leanaí, 2002.

4. Aon obair nó gníomhaíocht ina gcuirtear cóir leighis (measúnú a bhféadfadh cóir leighis eascairt as, san áireamh), teiripe nó comhairleoireacht a sholáthraítear do leanbh.
5. Aon obair nó gníomhaíocht a sholáthraíonn an méid seo a leanas—
  - (a) gníomhaíochtaí oideachais, taighde, oiliúna, cultúrtha, áineasa, fóillíochta, sóisialta nó fisiciúla do leanaí,
  - (b) cúram nó maoirseacht leanaí, nó
  - (c) comhairliúchán foirmiúil le, rannpháirtíocht fhoirmiúil ag, leanbh i dtaca le ceistanna a imríonn tionchar ar a shaol nó a saol, bíodh siad ar mhaithe le breithniú tráchtála nó le haon bhreithniú eile.
6. Aon obair nó gníomhaíocht a sholáthraíonn seirbhísí comhairle nó teorach (lena n-áirítear trí chumarsáid idirghníomhach leictreonach), ina mbíonn rochtain ag an duine ar, nó teagmháil le, leanaí mar chuid riachtanach agus rialta de, go príomha.
7. Aon obair nó gníomhaíocht mar mhinistir nó sagart nó aon duine eile a thugann faoi aon chreidimh reiligiúnacha a chur chun cinn a ndéanfadh an ministir, sagart nó duine eile, de réir mar a bheidh, teagmháil le leanbh le linn dóibh tabhairt faoi.
8. Aon obair nó gníomhaíocht mar thiománaí, nó mar chúntóir leis an tiománaí, nó mar stiúrthóir, nó mar mhaoirseoir ar leanaí a úsáideann feithicil atá á fruiliú nó á húsáid ar mhaithe le leanaí a iompar nach bhfuil tuismitheoir nó caomhnóir ina dtionlacan, agus leis an gcuspóir sin amháin.
9. Aon obair nó gníomhaíocht faoina dtugann comhalta den Gharda Síochána, ina bhfuil rochtain ag an duine ar, nó teagmháil ag an duine le, leanaí mar chuid riachtanach agus rialta de.



## Aguisín 3: Sceideal na nDaoine faoi Shainordú faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015

Sonraítear i Sceideal 2 den Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 na haicmí seo a leanas de dhaoine mar dhaoine faoi shainordú chun críocha an Achta:

1. Lia-chleachtóir cláraithe laistigh de bhrí alt 2 d'Acht na Lia-Chleachtóirí, 2007.
2. Altra cláraithe nó cnáimhseach cláraithe laistigh de bhrí alt 2(1) d'Acht na nAltraí agus na gCnáimhseach, 2011.
3. Fisiteiripeoir atá cláraithe i gclár chomhaltaí na gairme sin.
4. Teiripeoir urlabhra agus teanga atá cláraithe i gclár chomhaltaí na gairme sin.
5. Teiripeoir saothair atá cláraithe i gclár chomhaltaí na gairme sin.
6. Fiaclóir cláraithe laistigh de bhrí alt 2 d'Acht na bhFiaclóirí, 1985.
7. Síceolaí a chleachtann mar amhlaidh agus atá incháilithe lena chlárú i gclár chomhaltaí na gairme sin (más ann dó).
8. Oibrí cúraim shóisialta a chleachtann mar amhlaidh agus atá incháilithe lena chlárú i gcomhréir le Cuid 4 den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 i gclár chomhaltaí na gairme sin.
9. Oibrí sóisialta a chleachtann mar amhlaidh agus atá incháilithe lena chlárú i gcomhréir le Cuid 4 den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 i gclár chomhaltaí na gairme sin (más ann dó).
10. Teicneoir míochaine éigeandála, paraimhíochaineoir agus ard-pharaimhíochaineoir atá cláraithe leis an gComhairle um Chúram Éigeandála Réamhospidéil faoi Ordú (Bunú) na Comhairle um Chúram Éigeandála Réamhospidéil, 2000 (I.R. Uimh. 109 de 2000).
11. Oifigeach promhaidh laistigh de bhrí alt 1 den Acht um Cheartas Coiriúil (Seirbhís Pobail), 1983.
12. Múinteoir atá cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta.
13. Comhalta den Gharda Síochána
14. Caomhnóir *ad litem* a ceapadh i gcomhréir le halt 26 den Acht um Chúram Leanaí, 1991.

**15.** Duine a fhostaítear in aon cheann de na cáileanna seo a leanas:

- (a) bainisteoir ar thearmann ó fhoréigean baile;
- (b) bainisteoir soláthair d'easpa dídine nó saoráid chóiríochta éigeandála;
- (c) bainisteoir ar ionad cóiríochta d'iarrthóirí tearmainn (soláthar díreach);
- (d) comhairleoir andúile atá fostaithe ag comhlacht atá cistithe go hiomlán nó go páirteach, as airgead a sholáthraíonn an tOireachtas;
- (e) sícíteiripeoir nó deonach a sholáthraíonn comhairleoireacht atá cláraithe ceann de na comhlachtaí deonacha gairmiúla;
- (f) bainisteoir ar scoil teanga nó scoil áineasa eile ina gcónaíonn leanaí amach ón mbaile;
- (g) comhalta den chléir (pé bealach a dhéantar cur síos air/uirthi) nó oibrí cúraim thréadaigh (pé bealach a dhéantar cur síos air/uirthi) de chuid eaglaise nó pobal reiligiúnach eile;
- (h) stiúrthóir ar aon institiúid ina gcoinnítear leanbh faoi ordú cúirte;
- (i) oifigeach cosanta, oifigeach um chosaint leanaí nó duine eile (pé bealach a ndéantar cur síos orthu) atá fostaithe ar mhaithe le tabhairt faoin bhfeidhm um leas agus cosaint leanaí de chuid comhlachtaí agus eagraíochtaí reiligiúnacha, spóirt, áineasa, cultúrtha, oideachais agus eile a chuireann seirbhísí ar fáil do leanaí;
- (j) comhalta foirne cúraim leanaí atá fostaithe i seirbhís réamhscoile laistigh de bhrí Chuid VIII A den Acht um Chúram Leanaí, 1991;
- (k) duine atá freagrach as cúram nó bainistíocht seirbhís oibre don ógra laistigh de bhrí alt 2 den Acht um Obair don Aos Óg, 2001.

**16.** Obair don ógra—

- (a) a bhfuil cáilíocht aige/aici a aithníonn an tÚdarás Náisiúnta Cáilíochtaí in obair don ógra laistigh de bhrí alt 3 den Acht um Obair don Aos Óg, 2001 nó i ndisciplín ghaolmhar, agus
- (b) atá fostaithe i seirbhís oibre don ógra laistigh de bhrí alt 2 den Acht um Obair don Aos Óg, 2001.

**17.** Cúramóir altrama atá cláraithe leis an nGníomhaireacht [Tusla].

**18.** Duine a thugann faoi sheirbhís réamhscoile laistigh de bhrí Chuid VIII A den Acht um Chúram Leanaí, 1991.



Children  
First

TÚSLA

An Ghníomhaireacht um  
Leanaí agus an Teaghlach  
Child and Family Agency